



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/670 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Feabhra 2024

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe agus a bpáirteanna bunriachtanacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus na bearta atá i bhfeidhm

- (1) I mí Iúil 2005, le Rialachán (CE) Uimh. 1174/2005 ⁽²⁾ ón gComhairle, d'fhorchuir an Chomhairle dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe agus a bpáirteanna bunriachtanacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín'). Is é a bhí sna bearta dleacht frithdhumpála ad valorem idir 7,6 % agus 46,7 % ('na bearta bunaidh').
- (2) I mí Iúil 2008, le Rialachán (CE) Uimh. 684/2008 ⁽³⁾ ón gComhairle, tar éis páirt-athbhreithniú eatramhach *ex officio* faoi Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán frithdhumpála ('an bun-Rialachán'), shoiléirigh an Chomhairle raon feidhme na mbeart agus d'eisiaigh sí táirgí áirithe ó na bearta frithdhumpála bunaidh, i.e. ardaitheoirí arda, cruachadóirí, ardaitheoirí siosúrtha agus iompróirí meáite, ar féidir iad a bheith féinghluaiste nó ar féidir iad a bhogadh de láimh agus a úsáidtear chun na hualaí a bhogadh agus a ardú, cúnamh a thabhairt chun lóid a stóráil, pailléad amháin a chruachadh anuas ar cheann eile, an t-ualach a ardú go leibhéal oibre nó na hualaí a ardú agus a mheá, a cinneadh a bheith éagsúil le pailléadiompróirí lámhoibrithe mar gheall ar a saintréithe agus a bhfeidhmeanna sonracha agus a n-úsáidí deiridh.
- (3) I mí an Mheithimh 2009, le Rialachán (CE) Uimh. 499/2009 ⁽⁴⁾, rinne an Chomhairle, tar éis imscrúdú frith-imchéimniúcháin faoi Airteagal 13 den bhun-Rialachán, an dleacht frithdhumpála chinntitheach is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile' arna forchur le Rialachán (CE) Uimh. 1174/2005 a leathnú chun pailléadiompróirí lámhoibrithe arna gcur chun bealaigh ón Téalainn chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Téalainne iad nó ná bíodh.
- (4) I mí Dheireadh Fómhair 2011, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1008/2011 ⁽⁵⁾, chuir an Chomhairle, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, fad le cur i bhfeidhm na dleachta frithdhumpála atá ann cheana ar allmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe de thionscnamh na Síne.

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1174/2005 ón gComhairle an 18 Iúil 2005 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe agus a bpáirteanna bunriachtanacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 189, 21.7.2005, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 684/2008 ón gComhairle an 17 Iúil 2008 lena soiléirítear raon feidhme na mbeart frithdhumpála arna bhforchur le Rialachán (CE) Uimh. 1174/2005 ar allmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe agus a bpáirteanna bunriachtanacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 192, 19.7.2008, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 499/2009 ón gComhairle an 11 Meitheamh 2009 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán (CE) Uimh. 1174/2005 ar allmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe agus a bpáirteanna bunriachtanacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun allmhairí an táirge céanna arna gcur chun bealaigh ón Téalainn a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Téalainne iad nó ná bíodh (IO L 151, 16.6.2009, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1008/2011 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe agus a bpáirteanna bunriachtanacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe agus a bpáirteanna bunriachtanacha arna gcur chun bealaigh ón Téalainn a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Téalainne iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (IO L 268, 13.10.2011, lch. 1).

- (5) I mí Aibreáin 2013, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 372/2013 ⁽⁶⁾, rinne an Chomhairle, tar éis athbhreithniú eatramhach a dhéanamh de bhun Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán, Rialachán (AE) Uimh. 1008/2011 a leasú, modhnú ar an raon bunaidh dleachtanna frithdhumpála agus d'fhorchuir sí ráta dleachta 70,8 % is infheidhme maidir le gach allmhairiú pailléadiompróirí lámhoibrithe de thionscnamh na Síne isteach san Aontas.
- (6) I mí Mheán Fómhair 2014, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 946/2014 ⁽⁷⁾, rinne an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún'), tar éis athbhreithniú nua ar onnmhairsí de bhun Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán, Rialachán (AE) Uimh. 1008/2011 a leasú, lena bhforchuirtear ráta dleachta aonair 54,1 % ar allmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe ó Ningbo Logitrans Handling Equipment Co.
- (7) I mí Lúnasa 2016, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1346 ⁽⁸⁾, leathnaigh an Coimisiún, tar éis imscrúdú frith-imchéimniúcháin faoi Airteagal 13 den bhun-Rialachán, na dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a bhí i bhfeidhm chun go gcumhdófaí allmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe atá modhnaithe beagán lena n-ionchorpraítear córas táisc meáchain nach bhfuil comhtháite sa bhfonnadh (na foirc) de thionscnamh na Síne.
- (8) I mí na Samhna 2017, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/2206 ⁽⁹⁾, d'ath-fhorchuir an Coimisiún, de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán tar éis athbhreithniú éaga na bearta frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe de thionscnamhna Síne ('an t-athbhreithniú éaga roimhe seo').
- (9) Is dleachtanna *ad valorem* iad ná dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair, atá socraithe ag 70,8 %. Baineann dleachtráta aonair 54,1 % le Ningbo Logitrans Handling Equipment Co., Ltd ⁽¹⁰⁾.

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

- (10) Tar éis fógra a fhoilsiú maidir le dul in éag a bheith ag teacht in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽¹¹⁾, fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. Is iad Toyota Material Handling Europe agus PR Industrial S.r.l. ('na hiarratasóirí') a chuir an iarraidh ar athbhreithniú isteach an 29 Lúnasa 2022 thar ceann thionscal an Aontais le haghaidh pailléadiompróirí lámhoibrithe, de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán.
- (11) Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar na forais gur dócha go leanfaí den dumpáil agus go gcuirfí tús arís leis an díobháil do thionscal an Aontais mar thoradh ar dhul in éag na mbeart.

1.3. Athbhreithniú éaga a thionscnamh

- (12) Tar éis don Choimisiún a chinneadh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gur leor an fhianaise a bhí ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain an Coimisiún athbhreithniú éaga an 29 Samhain 2022 maidir le hallmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Ríocht na Téalainne isteach san Aontas ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ('an Fógra Tionscnaimh') ⁽¹²⁾.

⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 372/2013 ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1008/2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe agus a bpáirteanna bunriachtanacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis páirt-athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (IO L 112, 24.4.2013, lch. 1).

⁽⁷⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 946/2014 ón gCoimisiún an 4 Meán Fómhair 2014 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1008/2011 ón gComhairle lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe agus a bpáirteanna bunriachtanacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú 'onnmhairsí nua' de bhun Airteagal 11(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (IO L 265, 5.9.2014, lch. 7).

⁽⁸⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1346 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2016 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1008/2011 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 372/2013 ón gComhairle, ar allmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe agus a bpáirteanna bunriachtanacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, chun allmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe atá modhnaithe beagán de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a chumhdach (IO L 214, 9.8.2016, lch. 1).

⁽⁹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2206 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe agus a bpáirteanna bunriachtanacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 314, 30.11.2017, lch. 12).

⁽¹⁰⁾ IO L 265, 5.9.2014, lch. 7.

⁽¹¹⁾ IO C 104, 4.3.2022, lch. 10.

⁽¹²⁾ IO C 452, 29.11.2022, lch. 26.

1.4. Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú

- (13) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). Leis an imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go gcuirfí tús léi arís, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.5. Páirtithe leasmhara

- (14) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl do na hiarratasóirí, do tháirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, do na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta, d'údaráis na Síne, d'allmhaireoirí agus d'úsáideoirí aitheanta, gur tionscnaíodh an t-athbhreithniú éaga agus thug sé cuireadh dóibh páirt a ghlacadh ann.
- (15) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála a iarraidh.

1.6. Sampláil

- (16) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go bhféadfadh sé páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.6.1. Táirgeoirí an Aontais a shampláil

- (17) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige.
- (18) I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún an sampla bunaithe ar an méid táirgeachta agus díolachán ionadaíoch is mó de thrucaílí pailléid láimhe ('HPT') i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ar féidir imscrúdú réasúnta a dhéanamh air laistigh den am a bhí ar fáil. Bhí dhá tháirgeoir ón Aontas sa sampla sin.
- (19) Bhí an dá tháirgeoir sampláilte de chuid an Aontais freagrach as breis agus 75 % den táirgeacht agus breis agus 70 % d'acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt faoin sampla sealadach.
- (20) Ní bhfuarthas aon bharúil, agus deimhníodh an sampla sealadach dá bhrí sin. Tá an sampla ionadaíoch do thionscal an Aontais.

1.6.2. Sampláil na n-allmhaireoirí neamhghaolmhara

- (21) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach allmhaireoir neamhghaolmhar aitheanta an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Níor tháinig aon allmhaireoir neamhghaolmhar chun tosaigh chun an fhaisnéis a iarraidh a sholáthar.

1.6.3. Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín

- (22) San Fhógra Tionscnaimh maidir leis an imscrúdú ar an athbhreithniú éaga, luaigh an Coimisiún go bhféadfaidh sé táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán.
- (23) D'fhonn a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Níor sholáthair aon táirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarraidh laistigh den teorainn ama a sainíodh san Fhógra Tionscnaimh, áfach.

- (24) Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh. Níor tugadh aon fhreagra.
- (25) I bhfianaise a bhfuil thuas, ní raibh aon chomhoibriú ann ó tháirgeoirí na Síne agus chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil, agus chuir sé Misean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach ar an eolas dá réir sin. Níor tugadh aon bharúil.

1.7. Freagraí ar na ceistneoirí

- (26) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ('Rialtas na Síne') maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir.
- (27) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig na táirgeoirí onnmhairiúcháin, chuig na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, chuig na húsáideoirí agus chuig na hallmhaireoirí. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne an lá a tionscnaíodh an t-athbhreithniú ⁽¹³⁾.
- (28) D'fhreagair an dá tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais na ceistneoirí. Níor fhreagair táirgeoirí onnmhairiúcháin, allmhaireoirí neamhghaolmhara ná úsáideoirí, áfach.
- (29) Toisc nár chomhoibrigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ná Rialtas na Síne, rinneadh na cinntí maidir le dumpáil agus díobháil ar bhonn na bhforas a bhí ar fáil de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán. Cuireadh misean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach ar an eolas dá réir sin. Ní bhfuarthas aon bharúlacha.

1.8. Cuairteanna fíorúcháin

- (30) Lorg agus d'fhóraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus den díobháil do leas an Aontais nó go dtarlóidh siad arís.
- (31) Ba ar áitreabh na dtáirgeoirí seo a leanas de chuid an Aontais a tugadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:
- Toyota Material Handling Europe (an tSualainn);
 - PR Industrial S.r.l (An Iodáil).
- (32) D'fhóraigh an Coimisiún na sonraí maicreacnamaíocha a sholáthair tionscal an Aontais ag áitreabh a ionadaí dhlíthiúil, White & Case, sa Bhruiséil.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi athbhreithniú

- (33) Is ionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge san athbhreithniú éaga roimhe seo, is é sin, pailléadiompróirí lámhoibrithe agus a bpáirteanna bunriachtanacha, i.e. fonnadh agus hiodrálaic, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 8427 90 00 (cóid TARIC 8427 90 00 11 agus 8427 90 00 19) agus ex 8431 20 00 (cóid TARIC 8431 20 00 11, agus 8431 20 00 19).
- (34) In 2008, rinne an Coimisiún imscrúdú páirt-athbhreithnithe eatramhaigh agus shoiléirigh sé nach gcumhdaíonn na bearta atá i bhfeidhm catagóirí áirithe táirgí, i.e. ardaitheoirí arda, cruachadóirí, ardaitheoirí siosúrtha agus iompróirí meáite, ar féidir iad a bheith féinghluaiste nó ar féidir iad a bhogadh de láimh agus a úsáidtear chun na hualaí a bhogadh agus a ardú, cúnamh a thabhairt chun lóid a stóráil, pailléad amháin a chruachadh anuas ar cheann eile, an t-ualach a ardú go leibhéal oibre nó na hualaí a ardú agus a mheá.

2.2. An Táirge atá i gceist

- (35) Is éard atá sa táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo, an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Síne.

⁽¹³⁾ <https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2635>.

2.3. Táirge comhchosúil

- (36) Mar a suíodh san imscrúdú bunaidh as ar eascair forchur na mbeart agus san athbhreithniú éaga roimhe seo chomh maith, deimhníodh leis an athbhreithniú éaga seo gurb iad na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith le húsáidí bunúsacha comhchosúla, atá ag na táirgí seo a leanas:
- an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;
 - an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na Síne;
 - an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag tionscal an Aontais san Aontas.
- (37) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. STAITISTICÍ MAIDIR LE SONRAÍ ALLMHAIRIÚCHÁIN

- (38) Chun cainníocht agus praghas na bpailléadiompróirí lámhoibrithe a allmhairítear isteach san Aontas a chinneadh, braitheann an Coimisiún ar staitisticí allmhairiúcháin. Taifeadtar sonraí oifigiúla le haghaidh na n-allmhairí sin i gcileagraim agus in aonaid (píosá) araon.
- (39) Léirigh na foinsí staidrimh uile atá ar fáil (Comext, Surveillance 3 agus an bunachar sonraí atá bunaithe ar Airteagal 14(6) den bhun-Rialachán) sonraí neamhréireacha maidir le méid na bpailléadiompróirí lámhoibrithe a allmhairítear isteach san Aontas áfach.
- (40) Léirigh an meáchan in aghaidh an trucail pailléid láimhe a allmhairíodh luaineachtaí nach féidir a mhíniú. Bhí sé sin ar neamhréir leis an bhfianaise a bailíodh san imscrúdú seo agus leis an staidreamh allmhairiúcháin a úsáideadh san imscrúdú bunaidh agus in athbhreithnithe éaga roimhe seo, rud a léirigh go bhfuil an meáchan in aghaidh an trucail phailléid láimhe seasmhach go bunúsach agus nach n-athraíonn sé le himeacht ama ná ar fud na mBallstát.
- (41) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún teagmháil le Eurostat, a thug le fios gur cosúil nár tuairiscíodh sonraí maidir le méideanna allmhairí isteach in dhá Bhallstát i gceart, agus nár measadh go raibh na cileagraim agus na píosá a tuairiscíodh iontaofa i bhfianaise a luacha tuairiscithe. Na sonraí faoi na hallmhairí isteach san Aontas gan allmhairí isteach sa dá Bhallstát sin cinneadh go raibh na sonraí sin comhleánúnach ar fud na mBallstát agus comhsheasmhach le staitisticí a bhí ann roimhe seo.
- (42) Dá bhrí sin, choigeartaigh an Coimisiún tacar sonraí allmhairiúcháin Eurostat don tréimhse faoi bhreathnú tríd an bpraghas in aghaidh an pháosa a thógáil ó na hallmhairí go léir isteach san Aontas seachas na hallmhairí sin isteach sa dá Bhallstát a luaitear in aithris (41) agus tríd an gcóimheas praghais in aghaidh an pháosa sin a chur i bhfeidhm ar luach tuairiscithe na n-allmhairí isteach sa dá Bhallstát sin chun méid ceartaithe na n-allmhairí sin a chinneadh i bpíosá.
- (43) Soláthraíodh leis an gcoigeartú sin tacar sonraí maidir le hallmhairí isteach san Aontas ina raibh líon na bpíosá a allmhairíodh agus a luach in aghaidh an pháosa comhleánúnach ar fud na mBallstát.
- (44) Baineadh úsáid as an tacar sonraí coigeartaithe seo chun dumpáil a ríomh in éagmais comhair ó tháirgeoirí onnmhairsiúcháin na Síne agus le haghaidh táscairí díobhála éagsúla freisin mar a leagtar amach thíos i dTáblaí 2, 3 4 agus 5 thíos.

4. DUMPÁIL

- (45) I gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú le fáil amach an leanfaí den dumpáil de thoradh dhul in éag na mbeart reatha atá i bhfeidhm..

4.1. Réamhbharúlacha

- (46) Mar a luadh in aithris (25), níor chomhoibrich aon tháirgeoir onnmhairsiúcháin ón tSín san imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl do rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhoibriú, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis sin ná aon iarraidh ar idirghabháil ón Oifigeach Éisteacha maidir leis sin.

- (47) Ar an mbonn sin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) den bhun-Rialachán, na torthaí i ndáil le dumpáil a bheith ann agus an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís a leagtar amach thíos, bhí siad bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe:

— faisnéis atá san iarraidh;

— faisnéis a fuarthas ó pháirtithe comhoibritheacha le linn an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, mar atá, an t-iarratasóir agus táirgeoirí sampláilte an Aontais;

— Staitisticí Eurostat arna gcoigeartú mar a leagtar amach i Roinn 3 thuas é; agus

— Atlas Trádála Domhanda (GTA).

- (48) Ina theannta sin, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, d'úsáid an Coimisiún na sonraí a bhí ar fáil sa tír ionadaíoch mar a mhínítear i Roinn 4.2.4 thíos.

4.2. An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh, faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, le haghaidh allmhairí Pailléadiompróirí Lámhoibrithe (HPT) de thionscnamh na Síne

- (49) Ós rud é gur leor an fhianaise a bhí ann tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú lena thaispeáint, a mhéid a bhain leis an tSín, gurbh ann do shaoibhadh suntasach de réir bhrí pointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.
- (50) Chun faisnéis a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach líomhainte a fháil, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, mar a luadh i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsithe an Fhógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (51) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am.
- (52) Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun an cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil saobhadh suntasach sa tSín. Níor thug Rialtas na Síne aon bharúil ina leith sin.
- (53) I bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh sé freisin go bhféadfadh an Bhrasáil a bheith ina tríú tír ionadaíoch don tSín sa chás seo, ach go scrúdódh sé an bhfuil tíortha eile ann a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa chéad fhleasc d'Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.
- (54) An 3 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta maidir leis na foinsí ábhartha a raibh sé beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh ('Nóta maidir le foinsí').
- (55) Sa Nóta maidir le foinsí, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go mbeadh air dul i muinín na bhfíoras a bhí ar fáil, in éagmais comhoibrithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, bhí sé beartaithe ag an gCoimisiún úsáid a bhaint as an bhfaisnéis atá san iarraidh ar an athbhreithniú éaga, in éineacht le foinsí eile faisnéise a mheastar a bheith iomchuí de réir na gcritéir ábhartha a leagtar síos in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i gcomhréir le hAirteagal 18(5) den bhun-Rialachán.
- (56) Leis an Nóta maidir le foinsí, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas freisin go raibh beartaithe aige an Bhrasáil a úsáid mar thír ionadaíoch, agus maidir leis na foinsí ábhartha a raibh beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh agus an Bhrasáil ina tír ionadaíoch. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar na foinsí agus ar oiriúnacht na Brasaíle mar thír ionadaíoch agus tíortha eile a mholadh, ar choinníoll go gcuirfidís faisnéis leordhóthanach isteach maidir leis na critéir ábhartha.

- (57) Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go suífeadh sé costais díolacháin, costais ghinearálta agus costais riaracháin ('costais SG&A') agus na brabúis ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil don chuideachta Palettrans Equipamentos Ltda, táirgeoir sa tír ionadaíoch. Ní bhfuarthas aon bharúlacha.

4.2.1. Gnáthluach

- (58) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, 'beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir.'
- (59) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '[m]ás rud é go gcinntear [...] nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhsaofa' agus aireofar ann 'méid neamhsaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús.'
- (60) Mar a mhínítear tuilleadh thíos, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don éagmais comhair ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

4.2.2. Saobhadh suntasach a bheith ann

- (61) In imscrúduithe le déanaí maidir leis an earnáil cruach sa tSín ⁽¹⁴⁾, chinn an Coimisiún go raibh saobhadh suntasach i gceist de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.
- (62) Sna himscrúduithe sin, shuigh an Coimisiún gur ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ⁽¹⁵⁾. Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur san earnáil cruach, arb í an príomh-amhábhair í chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh, ní hamháin go bhfuil cuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne uirthi de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ⁽¹⁶⁾, ach ina theannta sin, go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreach Stáit i ngnólaicthe de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ⁽¹⁷⁾.

⁽¹⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce (IO L 177, 12.7.2023, lch. 63); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí ceaigeanna cruach dosmálta in-athlonta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 10, 12.1.2023, lch. 36); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar tháirgí áirithe leacaithe fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Cónaidhm na Rúise tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 277, 27.10.2022, lch. 149); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 36, 17.2.2022, lch. 1); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas áirithe feadáin agus píopaí, as iarann nó as cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí feisteas áirithe feadáin agus píopaí, as iarann nó as cruach a chuirtear chun bealaigh ón Téaváin, ón Indinéis, ó Srí Lanca agus ó na hOileáin Philipíneacha a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na tíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 16, 25.1.2022, lch. 36).

⁽¹⁵⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 66; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 58; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 80; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 208, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 59.

⁽¹⁶⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 45; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 38; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 64; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 192, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 46.

⁽¹⁷⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 58; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 40; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 66; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithrisí 193 agus 194, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 47. Cé gur féidir a mheas gur léiriú ar na cearta úinéireachta comhfhreagracha é an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomhphearsana bainistíochta i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit a cheapadh agus a bhaint mar a fhoráiltear i reachtaíocht na Síne, tá tábhacht le cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir chuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus chuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach, mar is féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó tríd na cealla sin. De réir dhlí cuideachta na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Pháirtí Cumannach na Síne na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i gcuideachtaí faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Pháirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar na cuideachtaí sin ligean d'eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh de na cuideachtaí lena mbaineann siad. Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus soláthairí a gcuid ionchur.

- (63) Fuair an Coimisiún thairis sin go bhfuil éifeacht saofa breise ar an margadh ag láithreach an Stáit agus idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais, agus i soláthar amhábhbar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála sa tSín, fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ⁽¹⁸⁾.
- (64) Go háirithe, ba é conclúid an Choimisiúin nach n-oibríonn dlíthe féimheachta agus maoine na Síne mar is ceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán agus go ngintear saobhadh ar an gcaoi sin nuair atá gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair atá cearta talún á leithdháileadh sa tSín ⁽¹⁹⁾.
- (65) Ar an gcaoi chéanna, shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil chruach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ⁽²⁰⁾, mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le gníomhaithe corparáideacha caipiteal a rochtain sa tSín ⁽²¹⁾.
- (66) Faoi mar a rinne sé sna himscrúduithe roimhe seo maidir leis an earnáil chruach i nDaon-Phoblacht na Síne, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú seo cibé an raibh nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tSín i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.
- (67) Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil ar an gcomhad, lena n-áirítear an fhianaise atá san iarraidh, agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála ('an Tuarascáil'), rud a bhraitheann ar fhoinisí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an t-imscrúdú a rinneadh ar idirghabhálacha substaintiúla an rialtais i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear pailléadiompróirí lámhoibrithe..
- (68) Chuir an Coimisiún tuilleadh leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach sa tSín, mar a fuarthas amach freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.
- (69) Rinneadh an líomhain san iarraidh ar athbhreithniú go mbíonn tionchar forleathan ag idirghabhálacha Rialtas na Síne nó údarás poiblí eile ar gheilleagar na Síne. Bíonn tionchar ag na hidirghabhálacha sin ar leibhéal éagsúla rialtais agus ar an margadh. Áiríodh san iarratas an saobhadh ginearálta a dhéanann difear don mhargadh HPT, bunaithe ar na torthaí sa Tuarascáil, ach liostaíodh roinnt cásanna breise d'idirghabháil Stáit san earnáil cruach freisin.

⁽¹⁸⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 59; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 43; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 68; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithrisí 195-201, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithrisí 48-52.

⁽¹⁹⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 62; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 52; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 74; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 202, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 53.

⁽²⁰⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 45; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 33; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 75; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 203, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 54.

⁽²¹⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 64; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 54; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 76; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 204, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 55.

- (70) Ar an gcéad dul síos, cuireadh in iúl san iarraidh na fóirdheontais a suíodh in imscrúdú an Choimisiúin ar na fóirdheontais atá in earnáil HRFS ⁽²³⁾, ag cur i dtábhacht gurb é HRFS an príomh-amhábhbar a úsáidtear chun HPT a tháirgeadh. Mínítear freisin san iarraidh, lasmuigh de na deontais airgid dhíreacha a thairgtear do na cuideachtaí, go ndéanann stát na Síne idirghabháil freisin i bpraghsáil na n-amhábhbar atá rithábhachtach san earnáil seo, amhail amhiarann agus gual. Tugadh le fios san iarraidh go bhfuil soláthar amhábhbar don tionscal cruach intíre ar cheann de thosaíochtaí an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Síne ('FYP').
- (71) Chun na praghsanna amhábhbar a íslíú, tá roinnt ionstraimí ag stát na Síne: cuótaí onnmhairiúcháin, cánacha onnmhairiúcháin, ceadúnais onnmhairiúcháin. Míníodh san iarraidh freisin gur sheol Roinn Praghsála an Choimisiúin um Fhorbairt agus Athchóiriú Náisiúnta agus an Riarthóir Stáit um Rialáil Margaidh tóireadóir i dtrádáil amhiarainn ar an láthair i mí an Mheithimh 2021. Bhí imscrúdú ann freisin ar phraghsanna gual. Is idirghabháil dhíreach de chuid stát na Síne iad na rialuithe sin i bpraghsáil na n-amhábhbar a úsáidtear chun HPT a tháirgeadh.
- (72) Sa bhreis ar na hidirghabhálacha thuasluaite de chuid Stát na Síne sa tionscal cruach, dearbhaíodh san iarraidh freisin gur ar bhealach eile a thug an rialtas tacaíocht indéach don earnáil cruach trí gan rialacháin maidir le cosaint an chomhshaoil a fhorfheidhmiú go docht, go háirithe ar an leibhéal áitiúil.
- (73) Ar deireadh, luadh san iarraidh go bhfuil insiltí cothromais agus tiontuithe cothromais á n-úsáid ag Rialtas na Síne chun tacú leis na fiontair a tháirgeann cruach. Mar shampla, bheartaigh rialtas cathrach Tianjin fiachas CNY 92 bhiliún Bohai Steel Group a athstruchtúrú trína shócmhainní is brabúsaí a chur i gcuideachta nua agus cuid de na dliteanaí a thiontú ina mbannaí.
- (74) Ní dhearna Rialtas na Síne trácht ná níor chuir sé fianaise ar fáil a thacaigh leis an bhfianaise atá ar an gcomhad cáis nó a bhréagnaigh í, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a chuir na hiarratasóirí ar fáil, ar shaoibhadh suntasach a bheith ann agus/nó oiriúnacht chur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás idir lámha.
- (75) San earnáil cruach – ós í an chruach an príomh-amhábhbar chun an táirge faoi athbhreithniú a mhonarú (féach aithris (110)) – is ann do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne fós de réir bhrí Airteagal 2(6ú)(b), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán. Ós rud é nach raibh aon chomhar ó onnmhairioirí na Síne ar an táirge atá faoi imscrúdú, níorbh fhéidir an cóimheas cruinn idir na táirgeoirí príobháideacha agus na táirgeoirí faoi úinéireacht an Stáit a chinneadh. Deimhníodh san imscrúdú go bhfuil an earnáil HPT an-ilroinnte agus go leor táirgeoirí beaga i láthair sa mhargadh.
- (76) Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil idirghabhálacha Pháirtí Cumannach na Síne (nó 'an Páirtí') maidir le cinnteoireacht oibríochtúil tagtha chun bheith ina ngnáthchleachtas i gcuideachtaí príobháideacha freisin, agus Páirtí Cumannach na Síne ag éileamh ceannaireachta ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an Stáit trí struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí go bhfuil oibreoirí eacnamaíocha, a bheag nó a mhór, faoi smacht agus faoi mhaoriseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise an mhéid ar fhás struchtúir an Stáit agus an Pháirtí le chéile sa tSín.
- (77) Is í an eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar leasanna na dtáirgeoirí HPT sa tSín Comhlachas Iompróirí Tionsclaíocha na Síne ('CITA') ⁽²³⁾, ar fochuideachta de Chomhlachas Innealra Tógála Síne ('CCMA') í ⁽²⁴⁾. Léiríonn forálacha Airteagail Chomhlachais CCMA go soiléir go bhfuil tionchar láidir ag páirtí orthu. In Airteagal 2, déanann na hAirteagail Chomhlachais cur síos ar a ról ar an mbealach seo a leanas: 'freastal ar an rialtas, ar an tionscal, ar na comhaltaí agus ar na húsáideoirí' agus ansin: 'cloíonn an Comhlachas leis an mBunreacht, dlíthe, rialacháin agus beartais náisiúnta, cuireann sé croíluchanna an tsóisialachais i bhfeidhm, cuireann sé meon an tírghrá chun cinn, cloíonn sé leis an moráltacht shóisialta, agus neartaíonn sé go comhfhiosach cothú ionracais agus féin-araíonachta.'

⁽²²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/969 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí cineálacha áirithe táirgí comhréidhe teorollta d'iarann, de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile, ar táirgí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/649 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cineálacha áirithe táirgí comhréidhe teorollta d'iarann, de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile, ar táirgí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 146, 9.6.2017, lch. 17).

⁽²³⁾ Comhlachas Iompróirí Tionsclaíocha na Síne <http://www.cncma.org/col/gyclfh/fenhuijieshao>. Liosta de na tionscail a bhfuil ionadaíocht acu a dhéanann HPT a thagann faoin 8ú catagóir: <http://www.cncma.org/article/gyclfh/12957>

⁽²⁴⁾ Comhlachas Innealra Tógála na Síne <http://www.cncma.org/>

- (78) Leagtar béim in Airteagal 3 de hAirteagail Chomhlachais CCMA ar ról an rialtais/an pháirtí san eagraíocht: ‘Cloíonn an Comhlachas le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne. I gcomhréir le forálacha Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, bunaíonn sé eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne, déanann sé gníomhaíochtaí Páirtí, agus soláthraíonn sé na coinníollacha is gá do ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí. Aireacht Gnóthaí Sibhialta Dhaon-Phoblacht na Síne is ea an t-eintiteas atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistiú an Chomhlachais, agus is é Coiste Páirtí an Choimisiúin um Fhaireachán agus Riarachán ar Shócmhainní faoi úinéireacht an Stáit sa Chomhairle Stáit (SASAC) an t-eintiteas atá i gceannas ar fhorbairt an Pháirtí. Glacann an Comhlachas leis an treoir, maoirseacht agus bainistíocht ghnó ó na heintitis atá i gceannas ar chlárú agus bainistíocht, ó na heintitis atá i gceannas ar fhorbairt an Pháirtí, agus ó na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht an tionscail’ ⁽²⁵⁾.
- (79) Tá láithreacht an pháirtí le feiceáil freisin ar leibhéal Chomhlachas Iarainn agus Cruach na Síne (‘CISA’). De réir Airteagal 3 dá Airteagail Chomhlachais, ‘cloíonn CISA le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne’ agus ‘glacann sé le treoir ghnó, maoirseacht agus bainistíocht na n-eintiteas atá i bhfeighil clárúcháin agus bainistíochta, na n-eintitis atá i gceannas ar fhorbairt an pháirtí, chomh maith leis na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht an tionscail’.
- (80) Tá idir fhiontair phríobháideacha agus fhiontair phoiblí san earnáil cruach faoi réir maoirseacht agus treorú beartais. Deimhnítear sna doiciméid bheartais is déanaí de chuid na Síne maidir leis an earnáil cruach an tábhacht leanúnach a leagann Rialtas na Síne ar an earnáil, lena n-áirítear an rún idirghabháil a dhéanamh san earnáil d’fhonn í a mhúnlú i gcomhréir le beartais an rialtais.
- (81) Tá sé seo léirithe ag Tuairim Treorach na hAireachta Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise 2022 maidir le Forbairt Ardchaighdeán ar Thionscal Iarainn agus Cruach a Chothú ⁽²⁶⁾, ina n-éilítear go ndéanfaí an bunús tionsclaíoch a chomhdhlúthú tuilleadh agus feabhas suntasach ar leibhéal nuachóirithe an tsabhra tionscail, ag an 14ú Plean 5 Bliana (FYP) ar Thionscal na nAmhábhara a Fhorbairt ⁽²⁷⁾. Dá réir déanfaidh an earnáil an méid seo: ‘cloí leis an meascán de cheannaireacht margaidh agus cur chun cinn ón rialtas’ agus beidh ‘grúpa cuideachtaí mór le rá á chothú a mbeidh ceannaireacht éiceolaíoch agus croí-iomaíochas acu’, nó ag an 14ú FYP ar Fhorbairt Tionscal Dramhchruach a bhfuil sé mar phríomhchuspóirí aige ‘cóimheas úsáide dramhchruach a mhéadú go leanúnach agus, faoi dheireadh an 14ú FYP, sroichfidh cóimheas draimh cuimsitheach an déantús cruach náisiúnta 30 %’.
- (82) Maidir leis an táirge atá á athbheithniú go sonrach, d’eisigh Shandong agus Jiangsu a 14ú FYP faoi seach maidir le trealamh longthógála agus innealtóireachta mara a fhorbairt agus an earnáil longthógála agus an táirgeadh cruach gaolmhar á gcur chun cinn go sainráite, mar shampla HPT.
- (83) Is féidir samplaí cosúla den rún atá ag údarais na Síne maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairtí na hearnála cruach agus iad a threorú a fheiceáil i gcúigí eile, mar shampla in Hebei a bhfuil sé beartaithe acu ‘forbairt grúpa eagraíochtaí a chur i bhfeidhm go seasta, dlús a chur le hathchóiriú úinéireachta measctha fiontar faoi úinéireacht an stáit, díriú ar chumas tras-réigiúnach agus atheagrú fiontar phríobháideacha iarainn agus cruach a chur chun cinn, agus iarracht a dhéanamh le 1-2 ghrúpa mór den chéad scoth a bhunú, 3-5 grúpaí móra le tionchar intíre mar thacaíocht’ agus ‘bealaí athchúrsála agus cúrsaíochta dramh-chruach a leathnú tuilleadh agus scagadh agus aicmiú dramh-chruach a neartú’.
- (84) Is féidir tionchar an Stáit a thabhairt faoi deara freisin ar an leibhéal bardasach, mar shampla i bplean gníomhaíochta 1 + 3 Iarainn agus Cruach 2022 de Bhordas Hebei Tangshan, ina gcuirtear de chúram ar eintitis bardasacha éagsúla ‘comhghuaillíochtaí agus atheagrú fiontar a bhfuil táirgí comhchosúla acu sa réigiún a chothú’, ar nós an dá ghrúpa cruach mór Shougang (Jingtang, Qiangang) agus Ceantar Nua Tangsteel, ‘institiúidí airgeadais a lorg agus a threorú chun iasachtaí ar ús íseal a sholáthar d’fhiontair iarainn agus cruach chun ligean dóibh aistriú chuig tionscail nua, agus ag an am céanna [...] fóirdheontais a sholáthar i bhfoirm lascainí ráta úis’ chomh maith le ‘tacú le leas iomlán a bhaint as struchtúr na dtáirgí trí dheontais a thabhairt do ‘Fhiontair déantúsaíochta curaidh agus táirgí curaidh nua ar an leibhéal náisiúnta [...] de RMB 1 mhilliún agus RMB 500 000 faoi seach, agus do fhiontair déantúsaíochta curaidh nua agus táirgí curaidh nua ar leibhéal an chúige, [de]RMB 300 000 agus RMB 100 000 faoi seach’.

⁽²⁵⁾ Féach Airteagail Chomhlachais CCMA: <http://www.cncma.org/article/472>

⁽²⁶⁾ An doiciméad le fáil ag: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-02/08/content_5672513.htm (arna rochtain an 14 Iúil 2023).

⁽²⁷⁾ An doiciméad le fáil ag: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2021/art_2960538d19e34c66a5eb8d01b74cbb20.html (arna rochtain an 14 Iúil 2023).

- (85) Ar an gcaoi chéanna, i bPlean Forfheidhmithe Henan um Athrú agus Uasghrádú ar an Tionscal Cruach le linn na 14ú FYP, déantar foráil do ‘bhunáiteanna táirgeachta cruach ar leith a thógáil’ is é sin ‘6 bhunáit táirgthe cruach mhóra ar leith a thógáil in Anyang, Jiyuan, Pingdingshan, Xinyang, Shangqiu, Zhoukou, srl., agus leathnú, diansaothrú agus speisialtóireacht an tionscail a chinntiú. Ina measc, faoi 2025, déanfar an cumas táirgthe muciarainn in Anyang a rialú faoi bhun 14 mhilliún tona, agus déanfar cumas táirgthe cruach amh a rialú faoi bhun 15 mhilliún tonna.’
- (86) Dhearbhaigh an t-imscrúdú freisin go bhfuil Rialtas na Síne ag cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólaicthe de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, lena ndearbhaítear go bhfuil ceangail phearsanta ann idir táirgeoirí HPT agus Páirtí Cumannach na Síne. Bhí sé dodhéanta le linn an imscrúdaithe faisnéis a fháil ar tháirgeoirí aonair, toisc gur fiontair an-bheaga iad sin den chuid is mó. Mar sin féin, léiríodh san imscrúdú go raibh ról tábhachtach ag Páirtí Cumannach na Síne sa chomhlachas a dhéanann ionadaíocht ar tháirgeoirí HPT, is é sin, CCMA, a bhfuil coiste gníomhach Páirtí aige ⁽²⁸⁾. Tá cathaoirleach CITA ina chomhalta de Pháirtí Cumannach na Síne freisin ⁽²⁹⁾.
- (87) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm in earnáil an táirge faoi imscrúdú lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó beartais a bhfuil tionchar acu ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán. Sainithníodh san imscrúdú doiciméid bheartais a léirigh go mbaineann an tionscal leas as treoir agus idirghabháil rialtais maidir leis an táirge atá faoi imscrúdú mar chuid den earnáil cruach.
- (88) Measann Rialtas na Síne i gcónaí gur tionscal rithábachtach atá sa tionscal cruach. Deimhnítear é seo sa líon mór pleananna, treoracha agus doiciméad eile atá dírithe ar chruach, a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus bardasach. De réir an 14ú FYP, chuir Rialtas na Síne an tionscal cruach ar leataobh lena chlaochlú agus lena uasghrádú, chomh maith lena bharrfheabhsú agus lena choigeartú ar bhonn struchtúrach. Mar an gcéanna, sa 14ú FYP ar Thionscal na nAmhábhair a Fhorbairt, atá infheidhme freisin don tionscal cruach, liostaítear an earnáil mar ‘bhunchloch an fhíorgheilleagair’ agus mar ‘phríomhréimse a mhúnláionn buntáiste iomaíoch idirnáisiúnta na Síne’ agus leagtar amach roinnt cuspóirí agus modhanna oibre a spreagadh forbairt na hearnála cruach sa tréimhse ama 2021-2025, mar shampla uasghrádú teicneolaíochta, feabhsú struchtúr na hearnála (trí comhchruinnithe corparáideacha breise go háirithe) nó claochlú digiteach.
- (89) Is é an t-amhiarann an t-amhábhair tábhachtach a úsáidtear chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh. Luaitear amhiarann freisin sa 14ú FYP maidir le Tionscal na nAmhábhair a Fhorbairt, lena bhfuil sé beartaithe ag an Stát ‘acmhainní mianraí intíre a fhorbairt go réasúnach. Taiscéalaíocht amhiarainn a neartú [...], beartais chánach tosaíochta a chur i bhfeidhm, glacadh le teicneolaíocht ardforbartha agus trealamh a spreagadh chun giniúint dramhaíola soladaí mianadóireachta a laghdú.’
- (90) I gcúigí, ar nós Hebei, déanann na húdaráis an méid seo a leanas a thuair don earnáil: ‘fóirdheontas lascaire le haghaidh infheistíocht i dtionscadail nua; institiúidí airgeadais a iniúchadh agus a threorú chun iasachtaí ar ús íseal a sholáthar d’fhiontair iarainn agus cruach chun aistriú chuig tionscail nua, agus ag an am céanna, cuirfidh an rialtas fóirdheontais lascaire ar fáil.’ Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear na príomh-amhábhair a tháirgeadh a úsáidtear i monaraíocht HPT. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.
- (91) Níor nochtadh aon fhianaise san imscrúdú reatha seo nach ndéanadh cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor dlíthe féimheachta agus maoine de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán in earnáil an táirge atá faoi imscrúdú aon difear do mhonaróirí an táirge atá faoi imscrúdú.
- (92) Ina theannta sin, tá an earnáil mhiotaleolaíoch faoi thionchar an tsaofa ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn HPT nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach araon (le linn rochtain ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

⁽²⁸⁾ Féach na sonraí ar shuíomh gréasáin CCMA: <http://www.cncma.org/article/16231> agus <http://www.cncma.org/article/16893> (arna rochtain an 14 Iúil 2023).

⁽²⁹⁾ Féach suíomh gréasáin CCMA: <http://www.cncma.org/article/gyclfh/15525> (arna rochtain an 14 Iúil 2023).

- (93) Níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge faoi imscrúdú de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an idirghabháil shubstaintiúil rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.
- (94) Ar deireadh, tá roinnt ionchur ag teastáil chun HPT a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí HPT na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais phleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.
- (95) Dá bhrí sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre HPT le húsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá múnú praghsais mar a thuairiscítear i gCuid I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhair ann ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh sa tSín trí réimse tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá sé maidir leis an ionchur chuig an ionchur agus mar sin de.
- (96) Níor thug Rialtas na Síne aon fhianaise ná argóint ina choinne sin san imscrúdú atá ann faoi láthair. Mar achoimre, léiríodh leis an bhfianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an tsaormhargaidh iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhair, an fhuinnimh agus an tsaothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léirítear leis an tionchar iarbhrí nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear iontu.
- (97) Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, chinn an Coimisiún nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a phléitear sa roinn seo a leanas.

4.2.3. An tír ionadaíoch

- (98) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:
- leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis an ollioncam atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ⁽³⁰⁾;
 - táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ⁽³¹⁾;
 - infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.
 - i gcás ina bhfuil níos mó ná rogha fhéideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, tugtar tús áite, más iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.
- (99) Mar a mhínítear in aithris (54), d'eisigh an Coimisiún Nóta faoi na foinsí chun an gnáthluach a shuí an 3 Aibreán 2023. Sa nóta sin, tuairiscíodh na fórais agus an fhianaise is bun leis na critéir ábhartha, agus cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún an Bhraí a bhreithniú mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí gurbh ann do shaobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

⁽³⁰⁾ Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, <https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income>.

⁽³¹⁾ Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar táirgeadh táirge in aicme agus/nó in earnáil ghinearálta chéanna an táirge faoi athbhreithniú a bhreithniú.

- (100) Sa Nóta maidir le foinsí, mhínigh an Coimisiún go rachadh sé i muinín na bhfioras a bhí ar fáil, mar gheall ar an easpa comhair fhiúntaigh, de réir Airteagal 18 den bhun-Rialachán. Bunaíodh rogha na tíre ionadaíche ar an bhfaisnéis san iarraidh ar an athbhreithniú éaga, in éineacht le foinsí eile faisnéise a mheastar a bheith iomchuí de réir na gcritéir ábhartha a leagtar síos in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i gcomhréir le hAirteagal 18(5) den bhun-Rialachán, lena n-áirítear staitisticí allmhairiúcháin, staitisticí náisiúnta na tíre ionadaíche, foinsí faisnéise margaidh, táillí arna ngearradh ag soláthróirí fiontas sa tír ionadaíoch, agus faisnéis airgeadais na dtáirgeoirí sa tír ionadaíoch.
- (101) I gcomhréir leis na critéir a liostaítear faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, sa Nóta maidir le foinsí, shainaithin an Coimisiún an Bhrasaíl mar thír a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche aici atá cosúil leis an tSín. Rangaíonn an Banc Domhanda an Bhrasaíl mar thír 'ard-mheánioncaim' ar bhonn ollioncaim náisiúnta. Ina theannta sin, sainaithníodh an Bhrasaíl mar thír ina bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh i méideanna suntasacha ar mhargadh iomaíoch ar bhonn réigiúnach agus ar fud an domhain araon, agus trí phróiseas táirgthe comhchosúil. Aithníodh an Bhrasaíl freisin mar thír ina bhfuil sonraí ábhartha ar fáil go héasca.
- (102) Níor chuir na páirtithe leasmhara aon bharúil isteach ar an Nóta maidir le foinsí.
- (103) Ar deireadh, i bhfianaise éagmais comhair agus tar éis a shuí gur tír ionadaíoch iomchuí í an Bhrasaíl, bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.
- (104) Mar sin, cheal comhoibrithe, mar a moladh san iarraidh ar athbhreithniú éaga agus ós rud é gur chomhlíon an Bhrasaíl na critéir atá leagtha síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún an Bhrasaíl mar an tír ionadaíoch iomchuí.

4.2.4. Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí

- (105) Sa Nóta ar fhoinsí, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta uile amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh.
- (106) Luaigh an Coimisiún freisin, d'fhonn an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfadh sé Global Trade Atlas chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta, go sonrach na hamhábhair. Ina theannta sin, dúirt an Coimisiún go n-úsáidfadh sé an EIS, sonraí Aireacht na Mianach agus Fuinnimh na Brasaíle, agus Institiúid Tíreolaíochta agus Staidrimh na Brasaíle chun costais neamhshaofa saothair agus fuinnimh a fháil amach.
- (107) Ar deireadh, chuir an Coimisiún in iúl go n-úsáidfadh sé Orbis Bureau van Dijk agus na sonraí airgeadais ó tháirgeoirí Brasaíleach amháin an táirge lena mbaineann, mar a leagtar amach in aithris (54) thuas, chun costais SG&A agus brabús a fháil amach.

4.2.5. Costais agus tagarmharcanna neamhshaofa

4.2.5.1. Tosca táirgeachta

- (108) Leis an Nóta ar thosca táirgeachta, d'fhéach an Coimisiún le liosta a bhunú de thosca táirgeachta agus d'fhoinsí a mbeartaítear iad a úsáid chun liosta iomlán a dhéanamh d'ionchuir amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann táirgeoirí sa tSín chun an táirge faoi athbhreithniú a mhonarú. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis an liosta de thosca táirgeachta.
- (109) In éagmais chomhoibriú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ón tSín, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair na hiarratasóirí chun na tosca táirgeachta a úsáidtear i dtáirgeadh HPTanna a shuí.
- (110) I bhfianaise na faisnéise uile sa iarraidh agus na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach ina dhiaidh sin, sainaithníodh na tosca táirgeachta a leanas agus a gcuid foinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta pailléadiompróirí lámhoibrithe

Toisc táirgeachta	Cód an tráchtearra	Luach neamhshaofa	Aonad tomhais	Foinse
Amhábhair				
Cruach chothrom theorollta	72082610, 72082690	7,09 CNY	Cileagram	GTA
Iarann teilgte (comhpháirteanna próiseáilte)	84312011, 84312019, 84312090	46,52 CNY	Cileagram	GTA
Comhpháirteanna cruach eile (píopaí)	84312011, 84312019, 84312090	46,52 CNY	Cileagram	GTA
Comhpháirteanna oibrithe (bioráin, imthacaí)	84821010, 84821090	49,88 CNY	Cileagram	GTA
Níolón nó cábla polaimíde eile	87169090	45,68 CNY	Cileagram	GTA
Saothar				
Saothar	61,32 CNY		uair an chloig	Institiúid Tíreolaíochta agus Staidrimh na Brasaíle i gcomhcheangal leis an EIS
Fuinneamh				
Leictreachas	0,944 CNY		kWh	Aireacht Mianach agus Fuinnimh na Brasaíle
Gás Nádúrtha	0,705 CNY		kWh	Praghsanna Peitрил Domhanda ⁽³²⁾
Seachtháirgí/dramhaíl				
Fuíoll agus dramhaíl	2,128 CNY		Cileagram	Iarscríbhinn Va ghabhann leis an iarraidh

4.2.5.2. Amhábhair agus dramhaíl

(111) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhair, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora tíre ionadaíche, a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear sa GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis. Rinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch a chinneadh mar mheán ualaithe praghsanna aonaid maidir le hallmhairí ó gach tríú tír seachas an tSín agus tíortha nach comhaltaí de EDT iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³³⁾.

⁽³²⁾ <https://www.globalpetrolprices.com/Brazil/>
⁽³³⁾ Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

- (112) Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid i roinn 4.2.2 nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear ar an gcuma céanna do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis allmhairí ón tSín chuig an tír ionadaíoch a eisiamh, bhí méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ionadaíoch fós.
- (113) Ba cheart na costais iompair intíre a chur leis na praghsanna tagarmhairc de ghnáth. Is é is cuspóir don athbhreithniú éaga, áfach, a chinneadh ar leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nó an bhféadfadh sé go gcuirfí tús léi arís, seachas méid beacht na dumpála a fháil amach. Dá réir sin, chinn an Coimisiún nach raibh gá le coigeartuithe maidir le hiompar intíre toisc nach mbeadh de thoradh orthu ach an gnáthluach a mhéadú agus an corrlach dumpála a mhéadú freisin dá réir sin.

4.2.5.3. Saothar

- (114) Chun an tagarmharc le haghaidh saothair a bhunú, d'úsáid an Coimisiún staitisticí costais ó Institiúid Tíreolaíochta agus Staidrimh na Brasaíle ('Instituto Brasileiro de Geografia e Estatística') ⁽³⁴⁾ chun pá sa Bhrasaíl a chinneadh. Tugann láithreán gréasáin na hInstitiúide eolas mionsonraithe ar chostais iomlána bhliantúla saothair in earnálacha eacnamaíocha éagsúla agus d'úsáid an Coimisiún pá míosúil uaireanta oibre seachtainiúla reachtúla a fhaigheann oibrithe in earnáil na monaraíochta agus na meánuaireanta seachtainiúla a oibríodh sa Bhrasaíl in 2021. Ar an mbonn sin, ríomhadh ráta in aghaidh na huair ag 61,32 CNY/uair an chloig.

4.2.5.4. Leictreachas

- (115) Foilsíonn an Aireacht Mianach agus Fuinnimh praghas an leictreachais do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Bhrasaíl ⁽³⁵⁾. D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le praghsanna tionsclaíocha leictreachais ó Dheireadh Fómhair 2021 go Meán Fómhair 2022 agus shuigh sé praghas ar leibhéal 0,944 CNY/kWh (lena gcumhdaítear tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe).

4.2.5.5. Gás nádúrtha

- (116) Foilsíonn an soláthraí sonraí margaidh *globalpetrolprices.com* praghas an gháis nádúrtha do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Bhrasaíl ⁽³⁶⁾. D'úsáid an Coimisiún an phraghsáil chomhfhreagrach le haghaidh úsáideoirí tionsclaíocha lena gcumhdaítear tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.2.5.6. Costais SG&A agus brabúis

- (117) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, 'áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díolacháin agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'. Ina theannta sin, ní mór luach ar fhorchostais mhonaraíochta a fháil amach chun costais a chumhdach nach bhfuil san áireamh sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.
- (118) Chun costais SG&A agus brabús a fháil amach, d'úsáid an Coimisiún sonraí airgeadais an táirgeora Brasaíle Palettrans Equipamentos Ltda mar a tuairiscíodh i mbunachar sonraí Orbis don bhliain 2021. Chinn an Coimisiún ar dtús céatadán chostais SGA agus chostais eile na cuideachta, arbh ionann iad agus 11,37 % de chostas na n-earraí a díoladh agus ansin ríomh sé na brabúis a bhain Palettrans Equipamentos Ltda amach, arbh ionann iad agus 14,38 % de chostas na n-earraí a díoladh.

4.2.6. Ríomh an ghnáthluacha

- (119) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

⁽³⁴⁾ <https://www.ibge.gov.br/estatisticas/economicas/industria/9042-pesquisa-industrial-anual.html?&t=destaques>

⁽³⁵⁾ <https://www.gov.br/mme/pt-br/assuntos/secretarias/spe/publicacoes/boletins-mensais-de-energia>

⁽³⁶⁾ <https://www.globalpetrolprices.com>

- (120) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais chomhoibriú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair na hiarratasóirí san iarraidh ar athbhreithniú ar thomhaltas gach toisce (ábhair agus lucht saothair) chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Rinneadh na méideanna tomhaltais sin a iolrú ansin faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid arna bhunú sa Bhrasaíl, faoi mar a thuairiscítear i Roinn 4.2.5. Ar an gcaoi chéanna, de réir na modheolaíochta céanna, shuigh an Coimisiún luach neamhshaofa na dramhaíola agus an fhuíll agus d'asbhain sé í ó na costais mhonaraíochta neamhshaofa arna suí thuas.
- (121) Nuair a suíodh costas na n-amhábhbar, chuir an Coimisiún na costais saothair leis, mar a luaitear in aithris (114), agus an costas leictreachais agus gáis nádúrtha, mar a luaitear in aithrisí (115) agus (116). Áiríodh leis an gcostas saothair freisin cuid den chostas saothair indíreach, arbh ionann é, de réir an iarratasóra, agus na forchostais mhonaraíochta.
- (122) Ansin chuir an Coimisiún costais SGA agus an brabús sa Bhrasaíl leis, rud a sloinneadh mar chéatadán de chostas na n-earraí a díoladh agus a cuireadh i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe, agus is éard a bhí i gceist leis 11,37 % agus 14,38 % faoi seach, mar a mhínítear in aithris (118).
- (123) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún an gnáthluach ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

4.2.7. An praghas onnmhairiúcháin

- (124) In éagmais comhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin ón tSín, cinneadh an praghas onnmhairiúcháin ar allmhairí a rinneadh chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bunaithe ar staitisticí Eurostat. Laghdaíodh an praghas CIF in aghaidh an HPT de réir an lasta aigéin (EUR 31,79 in aghaidh an HPT) agus de réir na gcostas iompair intíre (EUR 5,86 in aghaidh an HPT). Bhí na costais sin bunaithe ar shonraí a sholáthair na hiarratasóirí san iarraidh ar athbhreithniú ⁽³⁷⁾.

4.2.8. Comparáid agus corrlaigh dhumpála

- (125) Chuir an Coimisiún an gnáthluach comhdhéanta a cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán i gcomparáid leis an bpraghas onnmhairiúcháin mar a suíodh thuas.
- (126) Ar an mbonn sin, ba ionann na meánchorrlaigh dumpála ualaithe, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CIF teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhioctha, agus 82,5 %. Measadh dá bhrí sin sa deireadh gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5. DÓCHÚLACHT GO LEANFAÍ DEN DUMPÁIL

- (127) Sa bhreis ar na torthaí lena bhfuarthas gurbh ann don dumpáil le linn na thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht breise sa tSín, an gaol idir praghanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus i dtreo an Aontais, tarraingteacht mhargadh an Aontais agus cleachtais imchéimnithe.
- (128) Mar a luadh in aithris (25), níor chomhoibrigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, ná Rialtas na Síne, san imscrúdú seo. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis na Síne go bhféadfar, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, na fíoraí a bhí ar fáil a úsáid chun a chinneadh an bhfuil dumpáil ar siúl faoi láthair agus chun an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil a chinneadh. Go sonrach:
- faisnéis atá san iarraidh;
 - Staidreamh Eurostat;
 - staitisticí atá ar fáil go poiblí ar bhunachar sonraí Global Trade Atlas.

- (129) Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil ná aon iarraidh ó údaráis na Síne ar idirghabháil an Oifigigh Éisteacha maidir leis sin.

⁽³⁷⁾ Iarraidh ar athbhreithniú, lch. 25; Iarscríbhinn 7.

5.1. An acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht breise sa tSín

- (130) Maidir le táirgeacht agus acmhainneacht táirgeachta sa tSín, in éagmais foinsí eile faisnéise, rinneadh an anailís ar bhonn na sonraí a chuir na hiarratasóirí isteach le linn an imscrúdaithe.
- (131) Léirigh an t-imscrúdú go bhfuil ró-acmhainneacht ghinearálta HPTanna sa tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.
- (132) De réir anailís mhargaidh na n-iarratasóirí, b'ionann an acmhainneacht táirgeachta a dhearbhaigh comhlachas HPTanna na Síne in 2021 agus 3 mhilliún píosa, agus táirgeadh iarbhir 1,7 milliún píosa.
- (133) Mar thoradh air sin, measadh gur hart ar 1,3 milliún píosa nó os cionn 40 % a bhí in acmhainneacht breise na Síne ⁽³⁸⁾. Mar sin féin, is meastachán coimeádach é seo mar, de réir na n-iarratasóirí, tá a lán táirgeoirí HPT níos lú sa tSín nach bhfuil mar chuid den chomhlachas agus dá bhrí sin tá líon iomlán na táirgeachta HPT sa tSín 10-15 % níos airde ar a laghad ná figiúirí tuairiscithe an chomhlachais.
- (134) Ar bhonn an mhéid thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh go bhfuil acmhainneacht breise shuntasach ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, arb ionann í agus 40 % ar a laghad den acmhainneacht táirgeachta, a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh onnmhairí chuig an Aontas dá ligfí do na bearta dul in éag.

5.2. Praghsanna ar mhargadh an Aontais

- (135) Maidir le hiompar onnmhairiúcháin na Síne chuig tríú tíortha eile, níl aon staidreamh ar fáil maidir le praghsanna onnmhairiúcháin an táirge faoi athbhreithniú. Áirítear le cóid tráchtearraí ábhartha na Síne táirgí eile freisin, is é sin, 'Iompróirí atá feistithe le trealamh ardaithe nó láimhseála, nach bhfuil faoi thiomáint', a bhfuil praghas aonaid níos airde acu ná pailléadiompróirí lámhoibrithe, rud a mhéadaíonn an meánphraghas onnmhairiúcháin. Ina theannta sin, ní sholáthraíonn an iarraidh ar athbhreithniú aon sonraí.
- (136) D'fhéadfaí an bunachar sonraí GTA a úsáid mar ionadach chun léiriú garbh a sholáthar ar threochtaí na méideanna onnmhairiúcháin. Chun forbairt fhéideartha na n-allmhairí a shuí i gcás ina ndéanfaí na bearta a aisghairm, rinne an Coimisiún anailís ar phraghsanna onnmhairí na Síne ar mhargadh an Aontais. Chuir an Coimisiún i gcomparáid ansin é le sonraí onnmhairiúcháin ar fud an domhain ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.
- (137) Léiríodh le sonraí GTA gurb é margadh an Aontais an dara ceann scríbe is mó le haghaidh cainníochtaí allmhairiúcháin HPTanna ón tSín. Chomh maith leis sin, léirigh sonraí Eurostat gurbh é 212 EUR in aghaidh an phíosa an meánphraghas díola chuig an Aontas, agus léirigh sonraí GTA nach raibh ach praghas 168 EUR i gceist chuig na Stáit Aontaithe, arb é an margadh onnmhairiúcháin is tábhachtaí é agus 179 EUR ar na 6 mhargadh onnmhairiúcháin is tábhachtaí eile (an Rúis, an India, an Tuirc, an Chóiré Theas, Meicsiceo agus an Astráil).
- (138) Ar na cúiseanna céanna a bhfuil tuairisc orthu thuas in aithris (135), táthar den tuairim, dá bhrí sin, go bhfuil an praghas onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha eile níos ísle fós.
- (139) Tugann na sonraí le fios go soiléir go raibh praghsanna onnmhairiúcháin na Síne le haghaidh HPTanna chuig margadh an Aontais níos airde ná mar a bhí siad chuig comhpháirtithe eile, lena n-áirítear na Stáit Aontaithe. Tugann sé sin le fios, má théann na bearta in éag, gur dócha go n-aistreadh táirgeoirí ón tSín a gcuid onnmhairí i dtreo mhargadh an Aontais.

5.3. Tarraingteacht mhargadh an Aontais agus na geleachtas imchéimnithe

- (140) Mhol na hiarratasóirí go bhfuil na dleachtanna frithdhumpála á n-ionsú go páirteach ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne cheana féin chun a sciar den mhargadh a choinneáil san Aontas. Tuigtear é seo as praghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig an Aontas a chur i gcomparáid le praghsanna allmhairí eile isteach san Aontas agus le praghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig margáí eile ⁽³⁹⁾. D'ainneoin na dteorainneacha a leagtar amach in aithris (135), tugann sé sin le tuiscint, in éagmais bhearta, go mbádhadh pailléadiompróirí lámhoibrithe na Síne margadh an Aontais ar phraghsanna ísle.

⁽³⁸⁾ Iarraidh ar athbhreithniú, Iarscríbhinn 12.

⁽³⁹⁾ Tagraíonn an t-iarratasóir do mheastachán ó Monatóir Sonraí Trádála (<https://www.tradedatamonitor.com>) a thagann leis na sonraí ó bhunachar sonraí GTA, ag cuimhneamh ar na teorainneacha a mhínítear in aithris (135).

(141) Ar an gcaoi chéanna, mar a léiríodh san iarraidh, fuarthas amach gur chuir onnmhaiseoirí Síneacha bealaí éagsúla i bhfeidhm le linn na chéad deich mbliana de thréimhse na mbearta chun na dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm a imchéimniú. Ar an gcéad dul síos, thosaigh siad ag imchéimniú na ndleachtanna trí thrasloingsithe agus oibríochtaí cóimeála sa Téalainn (aithris (3)). Ansin, thosaigh onnmhaiseoirí na Síne ag imchéimniú na mbearta trí ghléas meáite a fheistiú ar a gcuid iompróirí agus trí aicmiú bréagach custam a úsáid (aithris (7)). Taispeánann na cleachtais imchéimnithe an spéis atá ag táirgeoirí onnmhairsiúcháin na Síne margadh an Aontais a rochtain gan srianta agus, dá bhrí sin, taispeánann sé tarraingteacht mhargadh an Aontais d'onnmhairsiúcháin na Síne.

5.4. Conclúid

(142) I bhfianaise a thorthaí ar leanúnachas na dumpála le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus ar fhorbairt dhóchúil na n-allmhairsiúcháin dá rachadh na bearta as feidhm, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, gur mhór an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil dá rachadh na bearta frithdhumpála ar allmhairsiúcháin an táirge faoi athbhreithniú ón tSín in éag.

6. DÍOBHÁIL

6.1. Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeadh an Aontais

- (143) Rinne seacht dtáirgeoir aitheanta san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus thacaigh sé cinn acu leis an iarraidh agus chomhoibrigh siad leis an imscrúdú trí shonraí maicreacnamaíocha a sholáthar. Is iad tionscal an Aontais iad de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.
- (144) Suíodh gur thart ar 230 000 tona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Shuigh an Coimisiún an figiúr bunaithe ar na freagraí ar an gceistneoir ó thionscal an Aontais. Roghnaíodh dhá tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla a dhéanann ionadaíocht ar bhreis agus 75 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil.

6.2. Tomhaltas an Aontais

- (145) Leag an Coimisiún síos tomhaltas an Aontais ar bhonn chainníochtaí díolacháin tháirgeoirí an Aontais agus ar bhonn shonraí allmhairsiúcháin pailléadiompróirí lámhoibrithe i bpíosáí ó Eurostat.
- (146) Seo mar a leanas a d'fhorbair tomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas HTP an Aontais (píosáí)

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Tomhaltas iomlán an Aontais	573 515	449 473	577 458	709 687
Innéacs	100	78	101	124

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir agus Eurostat

- (147) Tháinig méadú 24 % ar an tomhaltas san Aontas ó 2019 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus tháinig laghdú air in 2020 le linn phaindéim COVID-19. Tháinig laghdú ar thomhaltas an Aontais in 2020 ach d'fhill sé ar na leibhéil réamhphaindéime in 2021 agus tháinig méadú air go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.
- (148) Is sócmhainn iad pailléadiompróirí lámhoibrithe agus ní cheannaítear iad ach amháin chun sócmhainní atá ann cheana féin a ionadú nó chun cur le gníomhaíochtaí. In 2020 níor tháinig aon leathnú ar na hearnálacha a dteastaíonn pailléadiompróirí lámhoibrithe uathu mar gheall ar an bpaindéim, rud a mhíníonn an laghdú sealadach ar thomhaltas le linn na tréimhse sin.

6.3. Allmhairí ón tír lena mbaineann

6.3.1. Cainníocht agus sciar margaidh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann

- (149) Shuigh an Coimisiún cainníocht na n-allmhairí agus na sciartha den mhargadh bunaithe ar shonraí allmhairiúcháin in Euro agus i bpíosaí.
- (150) Is mar seo a leanas a d'fhorbair allmhairí ón tSín isteach san Aontas:

Tábla 3

Cainníocht na n-allmhairí (píosaí) agus an sciar den mhargadh

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Cainníocht na n-allmhairí ón tSín (píosaí)	64 719	47 882	63 914	44 523
Innéacs	100	74	99	69
Sciar den mhargadh	11 %	11 %	11 %	6 %

Foinse: Sonraí allmhairiúcháin Eurostat

- (151) Leanadh d'allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú i gcainníochtaí éagsúla i mbanda idir 45 000 píosa agus 70 000 píosa. Ar an iomlán, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 31 % ar mhéideanna allmhairí ón tSín.
- (152) D'fhan sciar margaidh allmhairí na Síne cobhsaí ag 11-12 % ó 2019 go 2021 ach laghdaigh sé go 6 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

6.3.2. Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais

- (153) Is ar bhonn sonraí allmhairiúcháin a bhunaigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí. Fuarthas amach faoi shladghearradh praghais ar allmhairí bunaithe ar chomparáid idir na sonraí allmhairiúcháin sin agus praghsanna na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas.
- (154) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna allmhairí (EUR/píosa)

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An tSín	148	153	166	204
Innéacs	100	96	112	138

Foinse: Sonraí allmhairiúcháin Eurostat

- (155) Tháinig méadú ar phraghsanna allmhairí HPT ón tSín idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. 38 % ab ea ab méadú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. In éagmais aon chomhar ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, d'fhéadfaí na méaduithe ar phraghsanna a chur i leith dálaí eacnamaíocha, méadú ar phraghsanna amhábar agus boillscú ar fud an domhain tar éis na paindéime in 2020.

- (156) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe trí chomparáid a dhéanamh idir:
- an meánphraghas díola ualaithe in aghaidh an phíosá ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais arna ghearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais agus arna shocrú ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha; agus
 - meánphraghas allmhairí tagtha i dtír Síneach, bunaithe ar staitisticí allmhairí lena n-áirítear an dleacht frithdhumpála 70,8 % atá ann cheana agus dleachtanna custaim 4 %.
- (157) Agus praghais allmhairiúcháin pailléadiompróirí lámhoibrithe ón tSín, lena n-áirítear na dleachtanna atá i bhfeidhm, á chur i gcomparáid le praghsanna thionscal an Aontais, ní raibh na praghsanna allmhairiúcháin ag sladghearradh phraghsanna thionscal an Aontais.

6.4. Allmhairí ó thríú tíortha nach an tSín iad

- (158) Ba ón Malaeisia agus Vítneam den chuid is mó a allmhairíodh pailléadiompróirí lámhoibrithe ó thríú tíortha seachas an tSín.
- (159) Is mar a leanas a d'fhorbair cainníocht na n-allmhairí isteach san Aontas chomh maith leis an sciar den mhargadh agus treocheaí praghsanna maidir le hallmhairí pailléadiompróirí lámhoibrithe ó thríú tíortha eile:

Tábla 5

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An Mhalaeisia	An chainníocht i bpíosáí	209 436	125 542	131 139	203 417
	Innéacs	100	60	63	97
	Sciar den mhargadh	37 %	28 %	23 %	29 %
	Meánphraghas (EUR/píosá)	159	155	174	216
	Innéacs	100	98	109	136
Vítneam	An chainníocht i bpíosáí	114 538	118 516	175 216	247 797
	Innéacs	100	103	153	216
	Sciar den mhargadh	20 %	26 %	30 %	35 %
	Meánphraghas (EUR/píosá)	142	144	157	186
	Innéacs	100	102	110	131
Tríú tíortha eile	An chainníocht i bpíosáí	10 117	6 959	5 683	11 793
	Innéacs	100	69	56	117
	Sciar den mhargadh	2 %	2 %	1 %	2 %
	Meánphraghas (EUR/píosá)	206	303	282	253
	Innéacs	100	148	137	123

Iomlán na dtríú tíortha seachas an tSín	An chainníocht i bpíosaí	334 090	253 524	316 264	478 251
	Innéacs	100	76	95	143
	Sciar den mhargadh	58 %	56 %	54 %	65 %
	Meánphraghas (EUR/píosa)	154	153	164	195
	Innéacs	100	96	93	112
Foinse: Sonraí allmhairiúcháin Eurostat					

- (160) Bhí allmhairí isteach san Aontas seachas ón tSín beagnach go heisiach ón Malaeisia agus ó Vítneam le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (161) D'fhan cainníocht na n-allmhairí ón Malaeisia cobhsaí, agus tháinig laghdú 8 bpointe céatadáin ar a scair den mhargadh ar mhargadh atá ag fás.
- (162) Tháinig méadú mór ar allmhairí ó Vítneam le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig méadú ar chainníochtaí faoi dheireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe go breis is dhá oiread na cainníochta a bhí ann in 2019. Tháinig méadú 15 phointe céatadáin ar a sciar den mhargadh go 35 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.
- (163) Tháinig méadú 30 % ar phraghas foriomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

6.5. Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais

6.5.1. Barúlacha Ginearálta

- (164) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (165) Mar a luaitear in aithrisí (17) agus (20), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch tionscail an Aontais a mheasúnú.
- (166) Maidir leis an díobháil a chinneadh, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha bunaithe ar shonraí a sholáthair tionscal an Aontais. Bhain na sonraí leis na táirgeoirí uile an Aontais.
- (167) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí sna freagraí ar an gceistneoir ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Bhain na sonraí leis na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Fuarthas amach go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.
- (168) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, sciar margaidh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.
- (169) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú.

6.5.2. Táscairí maicreacnamaíocha

6.5.2.1. Táirgeadh, acmhainn táirgeachta agus úsáid acmhainne

- (170) Tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 6

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Cainníocht táirgeachta (píosaí)	212 552	181 256	260 606	231 964
Innéacs	100	85	123	109
An acmhainneacht táirgeachta (píosaí)	370 500	370 500	475 500	479 500
Innéacs	100	100	128	129
Úsáid acmhainneachta	57 %	49 %	55 %	48 %

Foinse: Freagraí ceistneora Thionscal an Aontais

- (171) Idir 2019 agus deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig méadú 9 % ar tháirgeacht an Aontais agus tháinig méadú 29 % ar acmhainneacht táirgeachta.

6.5.2.2. Cainníocht na ndíolachán agus sciar den mhargadh

- (172) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar chainníocht díolachán thionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Cainníocht na ndíolachán agus sciar den mhargadh (píosaí)

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Cainníocht na ndíolachán ar mhargadh an Aontais	174 706	148 066	197 280	186 913
Innéacs	100	85	113	107
Sciar den mhargadh	30 %	33 %	34 %	26 %

Foinse: Freagraí ceistneora Thionscal an Aontais

- (173) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 7 bpointe céatadáin ar chainníocht díolachán thionscal an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas. Tháinig laghdú ar na díolacháin in 2020 ach théarnaigh siad tar éis na paidéime.
- (174) D'éirigh leis an Aontas a sciar den mhargadh a choinneáil réasúnta cobhsaí idir 2019 agus 2021 ach tháinig laghdú ar a scair den mhargadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an iomlán, idir 2019 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais ó 30 % go 26 %.

6.5.2.3. Fás

- (175) Mar a leagtar amach thuas, tháinig méadú ar thomhaltas san Aontas agus ar chainníochtaí díolachán thionscal an Aontais araon idir 2019 agus deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Beag beann ar an treocht mhéadaitheach sin, chaill tionscal an Aontais 4 % den sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léiríonn sé sin nach raibh ar chumas tionscal an Aontais leas a bhaint as margadh a bhí ag fás agus nach raibh ar a chumas fiú a sciar den mhargadh a choinneáil.

- (176) Tugann an Coimisiún dá aire freisin an sciar méadaitheach den mhargadh a bhí ag allmhairí ó Vítneam le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar chostas na ngníomhaithe eile go léir ar mhargadh an Aontais.

6.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

- (177) Tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 8

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An líon fostaithe	624	565	653	686
Innéacs	100	90	105	110
Táirgiúlacht (píosáí/fostaí)	340	321	399	338
Innéacs	100	94	117	99

Foinse: Freagraí ceistneora Thionscal an Aontais

- (178) Tháinig méadú 10 % ar an líon fostaithe i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Lean an táirgiúlacht de bheith réasúnta cobhsaí ó 2019 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

6.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil dhíobhálach roimhe sin

- (179) Suíodh san imscrúdú sin corrlach dumpála 82,5 %. D'fhéadfadh sé gur maoláíodh an éifeacht a bhí ag méid an chorrlaigh dumpála iarbhrí ar thionscal an Aontais leis na bearta frithdhumpála a bhí i bhfeidhm, ach mar sin féin ní raibh tionscal an Aontais ábalta a sciar den mhargadh a choinneáil - tháinig laghdú ceithre phointe céatadain air.
- (180) Cé gur tháinig méadú 9 % ar phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 25 % ar na costais táirgthe aonaid chomhfhreagracha.
- (181) Ní raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna a mhéadú tuilleadh i ngeall ar bhrú na bpraghsanna ísle allmhairiúcháin agus i bhfianaise méaduithe ollmhóra ar phraghsanna cruach agus leictreachais agus i bhfianaise brúnna boilscitheacha ar chostais eile lena n-áirítear an lucht saothair.
- (182) San athbhreithniú éaga a bhí ann roimhe seo, bhí an Coimisiún in ann a fheiceáil gur thosaigh tionscal an Aontais ag téarnamh ón éifeacht a bhí ag dumpáil dhíobhálach san am atá thart. Tháinig méadú suntasach ar chainníochtaí díolacháin agus ar scaireanna sa mhargadh araon, agus tháinig feabhas suntasach ar a staid airgeadais.
- (183) Le linn na tréimhse seo faoi bhreathnú, áfach, tháinig meath arís ar staid thionscal an Aontais go dtí an pointe inar bhain díobháil don tionscal arís.

6.5.3. Táscairí micreacnamaíocha

- (184) Cuirtear na táscairí micreacnamaíocha i láthair thíos in innéacsanna agus i raonta freisin. Rinneadh é sin chun rúndacht an dá tháirgeoir sampláilte de chuid an Aontais a chosaint, toisc go scaoilfeadh nochtadh na sonraí beachta sonraí táirgeoira amháin leis an táirgeoir eile.
- (185) Cuirtear na hinnéacsanna ar fáil chun treocht an táscaire a thaispeáint le himeacht ama agus tá 2019 ag 100. Cuirtear réimsí ar fáil freisin chun méid an táscaire a thaispeáint.

6.5.3.1. Praghsanna agus tosca a dhéanann difear do phraghsanna

- (186) Is mar a leanas a d'fhorbair meánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/píosa)

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánphraghas díola aonaid san Aontas	[270-300]	[270-300]	[270-300]	[310-330]
Innéacs	100	98	99	109
Costas táirgthe in aghaidh an aonaid	[270-300]	[290-320]	[290-320]	[340-370]
Innéacs	100	107	106	125

Foinse: Freagraí ceistneora ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas

- (187) D'fhan praghsanna díola na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas ar mhargadh an Aontais measartha cobhsaí go dtí an tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Is sócmhainn iad pailléadiompróirí lámhoibrithe ar féidir leo, nuair a cheannaítear iad, fanacht i seirbhís ar feadh na mblianta nó fiche nó tríocha bliain fiú amháin. Is táirge caighdeánach é an táirge de riachtanas freisin, mar tá an dearadh céanna ag an trucail phailléid fós ionas go mbeidh sé oiriúnach don phailléad caighdeánach. Ní rud neamhghnách é, dá bhrí sin, go bhfuil na praghsanna cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (188) Mar sin féin, tháinig méadú 10 bpointe céatadáin ar phraghsanna i gcás na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.
- (189) Braithfeann an costas a bhaineann le trucail phailléid láimhe a mhonarú go bunúsach ar dhá rud, praghas na cruach agus praghas an fhuinnimh. Tháinig méadú tapa ar an dá chostas in 2021 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a mhéadaigh costas na monaraíochta go suntasach, is é sin, faoi 19 bpointe céatadáin idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

6.5.3.2. Costais saothair

- (190) Tháinig forbairt ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreithniú mar a leanas:

Tábla 10

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	[35 000-38 000]	[40 000-43 000]	[47 000-50 000]	[47 000-50 000]
Innéacs	100	116	134	132

Foinse: Freagraí ceistneora ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas

- (191) Tháinig méadú 32 % ar chostais saothair idir 2019 agus deireadh na tréimhse faoi bhreathnú, i gcomhréir le méaduithe pá ar fud gheilleagar an Aontais mar fhreagairt ar bhrúnna boilscitheacha.

6.5.3.3. Stoic

- (192) Is mar seo a leanas d'fhorbair leibhéal stoic tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Stoic

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Stoc deiridh (píosaí)	[5 000-5 500]	[6 000-6 500]	[8 000-8 500]	[6 500-7 000]
Innéacs	100	124	163	138
Stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht	3 %	4 %	4 %	3 %

Foinse: Freagraí ceistneora ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas

- (193) Cé gur tháinig méadú 38 % ar stoic dheiridh thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí siad íseal i gcomparáid leis an gcainníocht iomlán a táirgeadh, agus d'fhan an stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

6.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a ardú

- (194) Tháinig forbairt ar an mbrabúsacht, ar shreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar an toradh ar infheistíochtaí na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 12

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	10,5 %	6,2 %	- 1,1 %	- 0,9 %
Sreabhadh airgid (EUR)	[3 000 000 – 4 000 000]	[0 go - 1 000 000]	[500 000 – 1 500 000]	[- 3 500 000 go - 4 500 000]
Innéacs	100	- 19	45	- 120
Infheistíochtaí (EUR)	[3 000 000 – 4 000 000]	[1 000 000 – 1 500 000]	[0 – 500 000]	[0 – 500 000]
Innéacs	100	32	13	14
Toradh ar infheistíochtaí	47 %	- 15 %	30 %	- 94 %

Foinse: Freagraí ceistneora ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas

- (195) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin díolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.
- (196) De réir mar a tháinig méadú ar chostais táirgthe ar dtús idir 2019 agus 2020 agus de réir mar a mhéadaigh siad tuilleadh idir 2021 agus deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ní raibh táirgeoirí sampláilte an Aontais in ann a gcostais iomlána a aisghabháil, agus ní raibh ar a gcumas na brabúis a d'éirigh leo a dhéanamh in 2019 a bhaint amach in 2020. In 2021 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí tionscal an Aontais ag déanamh caillteanas.
- (197) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. D'fhorbair an treocht i sreabhadh airgid glan i gcomhréir lena n-éagumas brabús a dhéanamh i rith dheireadh na tréimhse faoi bhreathnú.

- (198) Taispeánann infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí an treocht chéanna freisin, toisc go bhfuil siad nasctha le brabúsacht na gcuideachtaí agus lena gcumas caipiteal a thiomsú chun infheistíochtaí a mhaoiniú. Léirigh deireadh na tréimhse faoi bhreathnú freisin méaduithe ar bhoilsciú agus ar rátaí úis ar iasachtaí araon.

6.6. Conclúid faoi dhíobháil

- (199) Suíodh san athbhreithniú éaga roimhe seo go raibh téarnamh leochaileach ag tionscal an Aontais ó dhumpáil a rinneadh roimhe seo. San imscrúdú seo, bhain díobháil do thionscal an Aontais arís le linn na tréimhse faoi bhreathnú, go háirithe in 2021 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.
- (200) Is féidir díobháil den sórt sin a fheiceáil sna caillteanais a dhéanann an tionscal agus sa ghá dul in iomaíocht le hallmhairí ón tSín, ó Vítneam agus ón Malaeisia bunaithe ar phraghas, i bhfianaise chineál caighdeánach an táirge féin.
- (201) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(1) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.
- (202) Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, go dtagann an díobháil sin tráth nach raibh allmhairí na Síne de HPT ag sladghearradh praghsanna thionscal an Aontais.
- (203) Chinn an Coimisiún dá bhrí sin nárbh fhéidir gurbh iad na hallmhairí ón tSín ba chúis leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

7. AN DÓCHÚLACHT GO DTARLÓDH DÍOBHÁIL ARÍS ARBH IAD ALLMHAIRÍ DUMPÁILTE BA CHÚIS LÉI

- (204) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (201) gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid áfach, go raibh an díobháil sin nasctha leis na hallmhairí dumpáilte ón tSín.
- (205) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ar cibé acu an mbeadh dóchúlacht ann go dtarlódh díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ón tSín ba chúis léi dá ligfí do na bearta ina bhgáidh dul as feidhm.
- (206) Maidir leis sin, rinne an Coimisiún anailís ar na gnéithe a leanas:
- (a) acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín;
 - (b) an gaol idir na praghsanna onnmhairiúcháin ón tSín chuig tríú tíortha agus leibhéal na bpraghsanna san Aontas;
 - (c) na leibhéil praghsanna is dócha a bheidh ag allmhairí ón tSín in éagmais bearta frithdhumpála, agus a dtionchar ar thionscal an Aontais, lena n-áirítear an leibhéal an tsladghearrtha agus na díobhála; agus
 - (d) imchéimniú

7.1. Acmhainneacht bhreise sa tSín

- (207) Mar a leagtar amach in aithrisí (130) go (134) thuas, tá acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise shuntasach sa tSín chun onnmhairí chuig margadh an Aontais a mhéadú go pras i gcás ina ligfear do na bearta frithdhumpála dul in éag. Mar a suíodh in aithris (131), measadh gurb é thart ar 1,3 milliún píosa atá i gceist leis an acmhainneacht bhreise arb ionann é agus beagnach dhá oiread thomhaltas an Aontais. Níor cheistigh páirtí ar bith eile na sonraí seo ná níor sholáthair siad aon bharúil eile.
- (208) Bhí úsáid acmhainneachta thart ar 60 %, mar a leagtar amach in aithris (131), rud a léiríonn go bhfuil acmhainneacht na Síne i bhfad níos mó ná riachtanais intíre. Ní féidir le margadh na Síne an acmhainneacht bhreise sa tSín a ionsú, agus aon ionchas réasúnach dá fhás á chur san áireamh. Dá bhrí sin, tá dreasachtaí láidre ann do tháirgeoirí ón tSín onnmhairiú, go háirithe chuig margadh an Aontais, agus tuilleadh fós má ligtear do na bearta dul as feidhm.

7.2. Praghsanna onnmhairiúcháin ón tSín chuig tríú tíortha

- (209) Leis an iarraidh ar athbhreithniú, soláthraíodh sonraí maidir le praghsanna onnmhairiúcháin HPT ón tSín chuig tíortha eile, go háirithe margadh mór onnmhairiúcháin na Stát Aontaithe. Taispeánann na sonraí sin onnmhairí atá ag leanúint ar aghaidh i gcainníochtaí móra agus ar praghsanna atá níos ísle ná na praghsanna chuig an Aontas.
- (210) Deimhníodh na sonraí sin le hanailís an Choimisiúin féin a leagadh amach in aithris (135) go (139) thuas.

7.3. Leibhéil dhóchúla praghais ón tSín gan bearta i bhfeidhm

- (211) Bhreithnigh an Coimisiún na sonraí san iarraidh ar athbhreithniú agus ina chuid anailíse féin agus léiríonn an dá rud na praghanna ar a bhféadfaidh na Síne onnmhairiú chuig margaí móra tríú tíortha, na Stáit Aontaithe san áireamh.
- (212) Tugann na praghanna ísle sin le fios, dá rachadh na bearta i léig, go dtitfeadh praghanna allmhairiúcháin ón tSín isteach san Aontas go dtí na leibhéil sin. Mar a léirítear i dTábla 4, bhí EUR 204/píosa i gceist leis na praghanna allmhairiúcháin ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ar praghais é a bhí níos ísle go hábhartha ná meánphraghas díola thionscal an Aontais [310-330] EUR/píosa a léirítear i dTábla 9, agus a bhí faoi bhun a gcostas táirgthe freisin [340-370] EUR/píosa.
- (213) Dá bhrí sin, is dócha, in éagmais dleachtanna frithdhumpála, go ndéanfaidh allmhairí na Síne sladghearradh ábhartha ar phraghsanna an Aontais.

7.4. Imchéimniú

- (214) Tugann an Coimisiún dá aire in aithris (141) gur léirigh imscrúduithe roimhe seo imchéimniú na mbearta atá i bhfeidhm.
- (215) Ar an gcéad dul síos, fuarthas amach go rabhtas ag imchéimniú na mbearta trí Ríocht na Téalainne agus tá na bearta fós leathnaithe chuig allmhairí arna gcur chun bealaigh ón Téalainn, bídis de thionscnamh na Téalainne nó ná bídis.
- (216) Ar an dara dul síos, d'imchéimnigh onnmhairioirí na Síne na bearta freisin trí 'chóras tásca meáchain' mar a thugtar air a fheistiú ar a gcuid pailléadiompróirí lámhoibrithe – ach nach bhfuil comhtháite sa bhfonnadh – agus ar an gcaoi sin na táirgí a aicmiú ar bhealach chun íocaíocht dleachta a sheachaint.
- (217) Taispeánann an fhianaise sin ar imchéimniú go raibh táirgeoirí de chuid na Síne toilteanach na bearta a imchéimniú chun rochtain a fháil ar mhargadh an Aontais gan dleachtanna a íoc, rud a léiríonn tarraingteacht mhargadh an Aontais do na táirgeoirí sin de chuid na Síne.

7.5. Conclúid maidir leis an dóchúlacht go ndéanfaí díobháil arís

- (218) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, más rud é go dtéann na bearta in éag, gurb é is dóichí a tharlódh go dtiocfadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ón tSín ar leibhéil praghais dhíobhálacha agus gur measa a bheadh an díobháil do thionscal an Aontais dá bharr.

8. LEAS AN AONTAIS

- (219) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála reatha ar bun. Rinneadh cinneadh maidir le leas an Aontais agus aird á tabhairt ar na leasanna éagsúla ar fad lena mbaineann, lena n-áirítear tionscal an Aontais, allmhairioirí agus úsáideoirí.

8.1. Leas an tionscail de chuid an Aontais

- (220) Chomhoibrigh gach táirgeoir aitheanta pailléadiompróirí lámhoibrithe leis an imscrúdú. Rinneadh dhá chuideachta a shampláil agus tugadh cuairt orthu le linn an imscrúdaithe agus chuir na cuideachtaí eile faisnéis ar fáil do na táscairí maicreacnamaíocha tríd na dlíodóirí a bhí ag gníomhú thar ceann an tionscal an Aontais.
- (221) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid, i bhfianaise na díobhála a bhain do thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, dá rachadh na bearta i léig, go leanfaí den díobháil sin agus go rachadh staid eacnamaíoch thionscal an Aontais in olcas tuilleadh.
- (222) Is léir gur chun leasa thionscal an Aontais atá na bearta.

8.2. Leas allmhairioirí neamhghaolmhara agus úsáideoirí neamhghaolmhara

- (223) Níor chomhoibrigh aon allmhairioir ná úsáideoir leis an imscrúdú.
- (224) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid i ngach imscrúdú roimhe seo nach raibh éifeacht thromchúiseach ag na bearta ar allmhairioirí ná ar úsáideoirí pailléadiompróirí lámhoibrithe.

- (225) In éagmais fianaise nua, tá an Coimisiún den tuairim i gcónaí, dá bhrí sin, nach ndéanfaidh leanúint na mbeart difear suntasach ar bith d'allmhaireoirí ná d'úsáideoirí.

8.3. Conclúid maidir le leas an Aontais

- (226) Ar bhonn an mhéid thuas, ba é conclúid an Choimisiúin nach raibh aon chúis an-mhaith ann ó thaobh leas an Aontais de na bearta atá ann cheana ar allmhairí thrucaílí pailéid láimhe de thionscnamh na Síne a choinneáil ar bun.

9. BEARTA FRITHDHUMPÁLA

- (227) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na fíorais agus breithnithe riachtanacha a raibh sé beartaithe a mholadh ar a mbonn go gcoinneofaí na bearta atá ann cheana ar bun. Tugadh tréimhse dóibh freisin chun uirill a dhéanamh tar éis an nochtá sin.
- (228) Ní bhfuarthas aon bharúlacha.
- (229) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil, an dóchúlacht go dtarlóidh an díobháil arís agus ar mhaithe le leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála ar thrucaílí pailéid láimhe ón tSín a choinneáil i bhfeidhm.
- (230) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, tá siad infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh na Síne é arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach sa chuid oibriúcháin den Rialachán seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart dóibh a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le gach cuideachta eile. Níor cheart go mbeadh siad faoi réir aon cheann de na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála.
- (231) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ⁽⁴⁰⁾. Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (232) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴¹⁾, nuair a bheidh méid le haisioc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuirfeadh an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.
- (233) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

- Forchuirtear leis seo dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí pailéadiompróirí lámhoibrithe agus a bpáirteanna bunriachtanacha, i.e. fonnadh agus hiodrálaic, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 8427 90 00 (cód TARIC 8427 90 00 19) agus ex 8431 20 00 (cód TARIC 8431 20 00 19), de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.
- Chun críoch an Rialacháin seo, is iompróirí a bheidh i bpailléadiompróirí lámhoibrithe le rothaí a thacaíonn le géaga foirc ardaithe chun pailéid a láimhseáil, atá deartha lena mbrú, lena dtarraingt agus lena stiúradh de láimh, ar dhromchlaí míne, comhréidhe, crua, ag oibreoir coisithe a úsáideann halmadóir altach. Níl na pailéadiompróirí lámhoibrithe deartha ach amháin chun ualach a ardú, tríd an halmadóir a chaidéalú, go dtí airde atá leordhóthanach le haghaidh iompair agus níl aon fheidhm nó úsáid breise eile acu amháin mar shampla (i) na hualaí a bhogadh agus a ardú d'fhonn iad a chur níos airde nó cúnamh a thabhairt chun ualaí a stóráil (ardaitheoirí arda); (ii) pailéad amháin a chruachadh anuas ar cheann eile (cruachadóirí); (iii) an t-ualach a ardú go leibhéal oibre (ardaitheoirí siosúrtha); nó (iv) na hualaí a ardú agus a mheá (iompróirí meáite).

⁽⁴⁰⁾ European Commission, Directorate-General for Trade, Directorate G, Rue de la Loi 170, 1040 an Bhruiséil, an Bheilg.

⁽⁴¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

3. Beidh rátaí na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1 agus a tháirgeann na cuideachtaí a liostaítear thíos, mar seo a leanas:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála	Cód breise TARIC
Zhejiang Noblelift Equipment Joint Stock Co. Ltd	70,8 %	A603
Ningbo Logitrans Handling Equipment Co., Ltd	54,1 %	A070
Gach cuideachta eile	70,8 %	A999

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

- Déantar leis seo an dleacht frithdhumpála chinntitheach a leagtar amach in Airteagal 1, mír 3, a leathnú chun go gcumhdófar an táirge céanna ach é curtha i láthair í ar allmhairiú le 'córas táisc meáchain' mar a thugtar air, arb é atá ann sásra meáite nach bhfuil comhtháite sa bhfonnadh, is é sin le rá nach bhfuil sé comhtháite sna foirc, atá faoi láthair faoi chóid TARIC 8427 90 00 30 agus 8431 20 00 50.
- Déantar leis seo an dleacht frithdhumpála chinntitheach is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile' a leagtar amach in Airteagal 1, mír 3, a leathnú chun go gcumhdófar allmhairí na bpailléadiompróirí lámhoibrithe céanna arna gcur chun bealaigh ón Téalainn, atá faoi láthair faoi chóid TARIC 8427 90 00 11 agus 8431 20 00 11, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Téalainne iad nó ná bíodh.

Airteagal 3

- Iarrataí ar dhíolúine ón dleacht arna leathnú le hAirteagal 2, déanfar i scríbhinn iad i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus ní mór do dhuine atá údaraithe le hionadaíocht a dhéanamh ar an iarratasóir iad a shíniú. Ní mór an iarraidh a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Trade
Directorate G
Rue de la Loi 170/Wetstraat 170, CHAR 04/034
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
R-phost: TRADE-TDI-Information@ec.europa.eu
- I gcomhréir le hAirteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2016/1036, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach, a údarú, le cinneadh, go ndéanfar allmhairí ó chuideachtaí nach ndéanann na bearta frithdhumpála a fhorchuirtear le hAirteagal 1 a imchéimniú a dhíolmhú ón ndleacht a leathnaítear le hAirteagal 2.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an ceathrachadú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN